COLÁISTE FEIRSTE

12 Aibreán 2022

A thuismitheoir/a chaomhnóir,

Táimid ag druidim le deireadh Théarma 2 anois. Tá moladh mór tuillte ag daltaí agus múinteoirí as an obair iontach atá déanta acu le ocht mí anuas. Is mithid anois an obair seo a dhaingniú in ullmhúchán éifeachtach do na scrúduithe.

Le blianta beaga anuas d'éirigh go geal le daltaí Choláiste Feirste sna scrúduithe GCSE agus Ardleibhéil. Is é an t-ullmhúchán luath, an spreagadh agus an tacaíocht ó na tuismitheoirí i dteannta le hobair dhian dhícheallach na ndaltaí agus na múinteoirí is cúis leis an rath seo. Lena chois seo, beidh na daltaí óga ag déanamh scrúduithe inmheánacha i mí an Mheithimh a thabharfadh eolas tábhachtach dúinn le haghaidh phleanáil á gcuid foghlama amach anseo. Tá sé ríthábhachtach go bhfuil na daltaí uilig dírithe ar an obair do na scrúduithe seo agus go bhfuil plean staidéir i bhfeidhm acu sa bhaile.

Ar scoil leanfaidh muid linn ag forbairt muinín agus scileanna na ndaltaí agus ag cruthú timpeallacht dhearfach ardtacaíochta don fhoghlaim.

Críochnóidh na daltaí don tsaoire Chásca Dé Céadaoin 13 Aibreán ar 1:00in agus tosóidh siad ar ais ar scoil Dé Luain 25 Aibreán arís.

Guím Cáisc faoi shéan oraibh agus gach rath don téarma atá le teacht.

Is mise le meas,

M. Mac Giolla Ghunna

Micheál Mac Giolla Ghunna
Príomhoide

Dear Parent/Guardian,

We are now approaching the end of Term 2. Pupils and teachers deserve congratulations on the great work they have done over the last eight months. Now is the time to consolidate this work in effective preparation for exams.

In recent years, before and during the Covid pandemic, Coláiste Feirste pupils have performed exceptionally well at GCSE and A-level. This has been due in large part to early preparation, the encouragement and support of parents and the hard work of pupils and teachers. Younger pupils will also have internal exams to sit which will give us important information to plan for their further learning. It is important that all pupils are now focused on the work for these exams and have a study plan at home.

At school we continue to develop our pupils' confidence and skills and to offer a positive and supportive learning environment.

Pupils will finish school at 1pm on Wednesday 13th April for the Easter holidays and start back on Monday 25th April.

I wish you all a Happy Easter and every success for next term.

COLÁISTE FEIRSTE

Dátaí tábhachtacha/*Important dates*

- ***Wednesday 13th April***
  School will finish for all pupils at 1:00pm for the Easter holidays (lunch available).
- ***Monday 25th April***
  School begins after Easter break.
- ***Monday 2nd May***
  School holiday
- ***Friday 27th May***
  In-service day – teachers only.
- **Thursday 2nd/Friday 3rd June**
  School holiday
- ***Monday 13th – Friday 17th June***
  Internal exams.
- ***Monday 20th June***
  In-service day – teachers only.
- ***Thursday 30th June***
  School term finishes at 11.20am for the summer holidays

- **Dé Céadaoin 13 Aibreán**
  Críochnóidh na daltaí uilig ar 1:00in do shaoire na Cásca (lón ar fáil).
- **Dé Luain 25 Aibreán**
  Tosóidh an scoil ar ais.
- **Dé Luain 2 Bealtaine**
  Lá saoire scoile.
- **Dé hAoine 27 Bealtaine**
  Lá inseirbhíse – múinteoirí amháin istigh.
- **Déardaoin 2/Dé hAoine 3 Meitheamh**
  Saoire scoile.
- **Dé Luain 13 - Dé hAoine 17 Meitheamh**
  Scrúduithe Inmheánacha
- **Dé Luain 20 Meitheamh**
  Lá inseirbhíse – múinteoirí amháin istigh.
- **Déardaoin 30 Meitheamh**
  Críochnóidh an téarma scoile ar 11.20rn.